Dear Bileog

Iarrtar ort bileog a chruthú do na daltaí sa bhliainghrúpa thíos fút. Sa bhileog ba chóir duit roinnt eolais a chur i láthair ar thopaic a ndearna tú staidéar uirthi i rith an téarma seo agus a mbeadh spéis ag na páistí inti.

Amharc ar roinnt bileog a thug do rang isteach agus déan machnamh ar cad é atá go maith nó go holc fúthu.

Déan cinneadh ar an chineál bileoige a chruthóidh tú agus cá mhéad filleadh a bheidh ann.

Déan cinneadh ar an eolas a chuirfidh tú sa bhileog. Is féidir go bhfuil an t-eolas agat cheana féin nó go mbeidh ort CD ROM nó an tIdirlíon a úsáid leis an eolas agus na pictiúir a chuirfidh tú i do bhileog a aimsiú.



Dear Bileog

Cuid 1

Roghnaigh bogearraí nó teimpléad cuí le bileog aon fhilleadh a dhéanamh.

Roghnaigh agus cuir isteach íomhánna cuí agus cuir sa suíomh ceart iad.

Coinnigh nóta de na suíomhanna uilig a dtugann tú cuairt orthu.

Cuir téacs cuí isteach ag cinntiú go bhfuil do chuid poncaíochta agus litrithe i gceart.

Déan athruithe ar do chuid oibre más gá. Sábháil do chuid oibre agus cuir ainm cuí uirthi.

Dear Bileog

Cuid 2

Roghnaigh bogearraí nó teimpléad cuí le bileog trí fhilleadh a dhéanamh.

Déan íomhánna agus téacs a rochtain agus a roghnú as réimse foinsí.

Bain úsáid as boscaí téacs le do théacs a chur isteach agus déan iad a fhormáidiú. Bain úsáid as barra uirlisí na bpictiúr le híomhá a chur in eagar. Iompórtáil graf nó cruthaigh tábla agus cuir é isteach i do bhileog i suíomh cuí.



Sábháil do bhileog, priontáil í agus pléigh dóigheanna chun í a fheabhsú le daoine eile.

Cuir feabhas ar do chuid oibre agus sábháil i bhfillteán topaice í.

Dear Bileog

Cuid 3

Roghnaigh bogearraí nó teimpléad cuí le bileog trí fhilleadh a dhéanamh.

Déan machnamh ar an teachtaireacht ba mhaith leat a chur i do bhileog agus cé dóibh a bhfuil tú á scríobh.

Roghnaigh íomhánna agus téacs cuí ó réimse d'fhoinsí.

Bain úsáid as boscaí téacs le do théacs féin a chur isteach. Déan boscaí téacs a nascadh lena chéile le sreabhadh téacs a cheadú. Formáidigh an téacs. Bain úsáid as grúpáil, mar shampla, le pictiúr agus teideal a bhogadh le chéile.

Bain úsáid as uimhreacha leathanaigh nó ceanntásca agus buntásca más cuí.

Dear Bileog

Cruthaigh Fillteán Topaice don obair seo agus bain úsáid as an fhillteán seo le fo-fhillteáin a chruthú ina bhfuil íomhánna a úsáidtear sa bhileog - grianghraif/íomhánna scanta, grianghraif dhigiteacha, naisc ghréasáin srl.

Scríobh alt gairid a mhíníonn an dóigh a ndearna tú an tasc agus sainaithin na fadhbanna a bhí agat.

Gabh isteach i do bhileog trí d'fhillteán topaice. Taispeáin í ar chlár bán nó ar inlíon na scoile agus iarr a mbarúlacha ar an rang. Déan athruithe ar bith atá de dhíth agus sábháil arís í.